Cúrsaí Scannánaíochta san Iarthar

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chúrsaí scannánaíochta i nGaillimh. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal agus na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. gradam oinigh _____
2. aitheantas _____
3. tionscal na scannán & teilifíse _____
4. earnáil scannánaíochta _____
5. bronnadh _____
6. borradh _____
7. ionad léiriúcháin _____
8. stádas buan _____
9. go deo na deor _____
10. eacnamaíocht áitiúil _____

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin libh iad a thuiscint.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna.

1. Cén fáth ar bronnadh an gradam seo ar Uachtarán na hÉireann?

2. Cad a bhí le rá ag na cainteoirí seo?

   Michael D. Higgins
   Siobhán Ní Ghadhra
   Eibhlín Ní Mhunghaile

3. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo?

   - 5
   - 600
   - 72

Ceist 3 Cuir na frásaí seo in abairtí lena mbrí a léiriú:

cur chun cinn
go ceann
thar ceann
chinn ar

Ceist 4 ***'…****ar an méid atá* ***déanta…'***

A. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an bhfocal i gcló trom?

B. Líon na bearnaí sna habairtí seo leis an bhfoirm cheart den bhriathar:

   1. Tá an fhuinneog _____ (bris) le fada.
   2. Is mór an trua nach bhfuil an obair _____ (déan).

3. Nach bhfuil an dinnéar _____ (ith) agaibh go fóill? Déanaigí deifir!
4. Tá an t-amhrán sin _____ (clois) agam cúpla uair anois.
5. An bhfuil an litir _____ (cuir) sa phost agat go fóill?
6. Thug mé cuairt ar mo chuid cairde chomh luath is a bhí m'obair bhaile _____ (críochnaigh) agam.
7. Rachaidh mé go dtí an cheolchoirm nuair a bheidh m'aiste _____ (scríobh).
8. Nach bhfuil na torthaí _____ (faigh) agat go fóill?

C. Féach ar an mír arís agus aimsigh na samplaí ar fad den ghné chéanna atá le cloisteáil inti.

Ceist 5 '…is **iadsan**…'

A. Cén téarma gramadaí a thugtar ar an bhfocal i gcló trom thuas?

B. Cad faoi na cinn seo anois?

mé	_____
tú	_____
sé/é	_____
sí/í	_____
muid/sinn	_____
sibh	_____
siad/iad	_____

C. Cuir na focail a bhreac tú síos in abairtí chun a n-úsáid cheart a léiriú. Ní gá na habairtí a scríobh; is leor iad a rá amach os ard leis an duine in aice leat.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad é an scannán nó cé hé/hí an stiúrthóir scannáin is fearr leat? Cén fáth?
2. An bhfuil cultúr láidir scannánaíochta againn sa tír seo, dar leat?
3. Ó thaobh cúrsaí cultúrtha de, an gceapann tú go bhfuil tionscal na scannán chomh tábhachtach céanna le cúrsaí litríochta, mar shampla?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. gradam oinigh	*honorary award*
2. aitheantas	*recognition*
3. tionscal na scannán & teilifíse	*the film & television industry*
4. earnáil scannánaíochta	*filming sector*
5. bronnadh	*was awarded*
6. borradh	*surge/boom*
7. ionad léiriúcháin	*production centre*
8. stádas buan	*permanent status*
9. go deo na deor	*forever, the end of time*
10. eacnamaíocht áitiúil	*local economy*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
- cur chun cinn – *advance / progress*
  Tá an t-oifigeach ag cur na Gaeilge chun cinn sa choláiste.
- go ceann – *for (the duration of)*
  Ní bheidh mé ansin go ceann seachtaine.
- thar ceann – *on behalf of*
  Labhair Madge thar ceann an ghrúpa.
- cinn ar (br) – *decide*
  Chinn sí ar dháta don chóisir.

Ceist 4
A. An aidiacht bhriathartha

B.
1. Tá an fhuinneog **briste** le fada.
2. Is mór an trua nach bhfuil an obair **déanta**.
3. Nach bhfuil an dinnéar **ite** agaibh go fóill? Déanaigí deifir!
4. Tá an t-amhrán sin **cloiste** agam cúpla uair anois.
5. An bhfuil an litir **curtha** sa phost agat go fóill?
6. Thug mé cuairt ar mo chuid cairde chomh luath is a bhí m'obair bhaile **críochnaithe** agam.
7. Rachaidh mé go dtí an cheolchoirm nuair a bheidh m'aiste **scríofa**.
8. Nach bhfuil na torthaí **faighte** agat go fóill?

C. 'an méid atá déanta'
'don obair mhór atá déanta aige'
'tá bliain caite'
'tugtha le fios'

Ceist 5
A. An fhoirm threise den fhorainm.

B.

mé	*mise, mé féin*
tú	*tusa, tú féin*
sé/é	*seisean, eisean, é féin*
sí/í	*sise, ise, í féin*
muid/sinn	*muidne, sinne, muid féin, sinn féin*
sibh	*sibhse, sibh féin*
siad/iad	*siadsan, iadsan, iad féin*

C. Cleachtadh cainte atá sa cheist seo.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Bronnadh gradam oinigh ó Chathair Scannánaíochta UNESCO na Gaillimhe ar Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins, ag ócáid i nGaillimh tráthnóna. Aitheantas atá sa ngradam[1] ar an méid atá déanta ag an Uachtarán le tionscal na scannán agus teilifíse a chur chun cinn agus ar an obair a rinne sé nuair a bhí sé ina Aire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta.

Irene Ní Nualláin
Bronnadh gradam Chathair Scannánaíochta na Gaillimhe ar Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins, ag ócáid a bhí ar siúl san ionad scannánaíochta Cluain Mhuire i gceantar Pháirc an Tobair i nGaillimh inniu, don obair mhór atá déanta aige don earnáil seo.

Michael D. Higgins, Uachtarán na hÉireann
Is cuimhin liom na daoine ar nós Joe Comerford agus Lelia Doolan, Tiernan MacBride agus Bob Quinn, agus daoine mar iad. Bhíodar…is iadsan a choinnigh cúrsaí scannánaíochta le chéile san Iarthar sna hochtóidí, ansin i 1993 nuair bhí seans agam féin nithe áirithe a dhéanamh, dar ndóigh, bhí tábhacht ag baint le bunú Theilifís na Gaeilge, bunú Bhord Scannánaíochta na hÉireann[2] anseo i nGaillimh, agus tá sin tábhachtach.

Irene Ní Nualláin
Tá bliain caite ó bronnadh an t-aitheantas Cathair Scannánaíochta de chuid na heagraíochta UNESCO ar Chathair na Gaillimhe. Tá Gaillimh ar cheann de chúig chathair eile a bhfuil an stádas seo acu, Sydney na hAstráile agus Bradford in Leeds Shasana ina measc.

Siobhán Ní Ghadhra, Danú Media
Tá borradh iontach faoin earnáil san Iarthar faoi láthair agus sílim, taobh amuigh de Chathair Bhaile Átha Cliath, tá sé tugtha le fios gurb í Gaillimh an chéad ionad léiriúcháin is mó sa tír, agus sílim go gcuirfidh sé go mór leis. Tugann sé aitheantas idirnáisiúnta don chathair agus don chontae as ucht na hoibre scannánaíochta[3] a bhíonn ar siúl anseo. Agus ardóidh sé sin go mór an méid oibre atá ar siúl sa gceantar[4], le cúnamh Dé.

Eibhlín Ní Mhunghaile, Deasc na hEorpa Cruthaithí, Gaillimh
Is stádas buan atá ann; beidh sé againn go deo na ndeor, rud atá an-tábhachtach go deo. Ach, chomh maith leis sin, is cineál, is dóigh, onóir dúinn mar chathair go bhfuil an méid sin suime againn sa scannánaíocht.

Irene Ní Nualláin
Meastar go bhfuil breis is 600 duine ag obair san earnáil scannánaíochta i gCathair na Gaillimhe anois agus gur fiú €72 milliún í don eacnamaíocht áitiúil chuile[5] bhliain.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4 i nGaillimh.

[1] Córas Chonnacht
[2] *Bord Scannán na hÉireann* an teideal oifigiúil
[3] *an obair scannánaíochta* a deirtear
[4] Córas Chonnacht
[5] *gach uile* an leagan caighdeánach